Emily Ní Raghallaigh
Ombudsman Eorpach

# inneadh

## ón Ombudsman Eorpach maidir le hiarratais ar athbhreithniú

### Ag féachaint do

Airteagal 10 den Chinneadh ón Ombudsman Eorpach lena nglactar Forálacha Cur Chun Feidhme agus an ceart atá ag gearánach athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh a glacadh ar ghearán

Chinn an tOmbudsman Eorpach mar seo a leanas:

## Airteagal 1

1.1. Féadfaidh gearánach athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh go bhfuil gearán lasmuigh de shainordú an Ombudsman nó go bhfuil sé neamh-inghlactha, ar chinneadh nach bhfuil aon fhorais ann le fiosrúchán a dhéanamh ina leith, nó ar chinneadh lena dúnadh fiosrúchán.

1.2. Ní fhéadfaidh gearánach athbhreithniú a iarraidh ar thoradh inar aimsíodh drochriarachán ná ar mholadh a rinneadh tar éis toradh den chineál sin.

## Airteagal 2

2.1. Déanfar iarratas ar athbhreithniú laistigh de 2 mhí ó dháta an chinnidh ón Ombudsman lena mbaineann an t-iarratas.

2.2. Leagfar amach in iarratas ar athbhreithniú argóintí mionsonraithe maidir le cén fáth a bhfuil an cinneadh mícheart.

2.3. Sa chás gur mian le gearánach fíricí nua a chur ar aghaidh a bhaineann leis an drochriarachán líomhnaithe, taispeánfaidh an gearánach don Ombudsman nach raibh sé/sí in ann na fíricí sin a tharraingt anuas sa ghearán nó le linn an fhiosrúcháin.

## Airteagal 3

3.1. Déanfaidh ball foirne atá difriúil ón mball foirne a rinne an cinneadh bunaidh cinneadh ar iarratas ar athbhreithniú i ndáil le cinneadh go bhfuil gearán lasmuigh de shainordú an Ombudsman.

3.2. Is é an tOmbudsman a ghlacfaidh cinneadh ar iarratas ar athbhreithniú maidir le cinneadh ar ghearán a thagann faoi réim shainordú an Ombudsman. Is é ball foirne

seachas an ball foirne a bhí freagrach ar dtús as an ngearán a láimhseáil a thabharfaidh cúnamh don Ombudsman chun déileáil leis an gcineál sin d'iarratas ar athbhreithniú.

## Airteagal 4

4.1. Déanfar cinneadh ar iarratas ar athbhreithniú laistigh de thréimhse 4 mhí ó cláraíodh an t-iarratas. Féadfaidh an tOmbudsman, nó ball foirne atá ag gníomhú thar ceann an Ombudsman, tréimhse 2 mhí eile a chur leis an tréimhse sin i gcásanna ina bhfuil údar cuí ann le déanamh amhlaidh.

4.2. Is réasúnaithe a bheidh an cinneadh ar an iarratas ar athbhreithniú agus leagfar amach ann an gníomh atá le déanamh, más ann dó.

4.3. Is críochnaitheach a bheidh cinneadh ar iarratas ar athbhreithniú.

## Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha. Leis an gCinneadh seo, aisghairtear an cinneadh roimhe seo ar an ábhar.

Strasbourg, 14/09/2020



Emily Ní Raghallaigh